

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*

**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidrín gach Domhnach**

**@ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

**Fáilte Romhat, A Rí an Domhnaigh Bheannaithe**


Fáilte romhat, a Rí an Domhnaigh bheannaithe,
Lá breá aoibhinn cois bruach na farraige.
Fáilte romhat, a Réalt gheal na mara,
Lá breá aoibhinn d'fhonn Críost a agallamh.

Fáilte romhat, a Dhia na gil' 'sna gréine,
'Thug an lá dhúinn le grá 's le féile.
Fáilte romhat a Mhaighdean ghlórmhar ghléigeal,

## Buíochas leat, a Dhia

Buíochas leat, a Dhia, as ucht na híobartha seo.
Go líona sé ár gcroíthe le grásta.
Go raibh againn i gcónaí a shuaimhneas is a shíocháin.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

Bíodh grá againn d'ár gcomharsain gach oíche 's lá,
Is grá againn do Íosa, ár Slánaitheoir,
Go gcanaimid le chéile an t-amhrán se oar neamh.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)






# Paróiste An Spidéil
## 20ú Domhnach A
### 15ú/16ú Lúnasa 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### Cill Éinde, Spidéal

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 16ú | 11.00r.n. | Moya & Páraic Ó Féinneadha<br>Kata Uí Chonchúir **4ú Cuimhneachán**<br>Mike Pete Ó Conchubhair & a mhuintir ar fad.<br>Mary Uí Fhátharta, Mairtín Ó Fátharta, a bhean Bairbre & mac Seán | *Cnocán Glas*<br>*Leitirmeas*<br>*Poll*<br>*Cnocán Glas* |
| Dé Céadaoin | 19ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* | |
| Déardaoin | 20ú | 10.00r.n | | |
| Dé hAoine | 21ú | 10.00r.n. | | |
| Dé Domhnaigh | 23ú | 11:00r.n. | Máirtín Tim Ó Flatharta **Céad Cuimhneacháin**<br>Margaret Doherty (Flaherty) **Fuair bás le gairid**<br>Seán Ó Foighil **30ú Cuimhneachán** , a bhean Noirín & iníon Jane Marie<br>Ann Ennis **Céad Cuimhneachán** | *Baile an tSléibhe*<br>*SanFrancisco/Baile an **tSléibhe***<br>*Páirc*<br>*Bóthar na hAbhann/Clontarf* |

### Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 22ú | 6:30i.n. | Colm Connolly 3ú Cuimhneacháin<br>Brendan Flaherty Céad Cuimhneachán<br>Cyril Flaherty 4ú Cuimhneacháin<br>Mary Flaherty 12ú Cuimhneachán<br>Pat, Johnny ,Cóil & Mattie Ó Conghaile<br>Paddy & Colette Little & muintir Comerford & Little | *Baile an tSléibhe*<br>*Ros a'Mhíl*<br>*Ros a'Mhíl*<br>*Ros a 'Mhíl*<br>*Na Doireadh* |

### Cill Mhuire, Na Minna

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 16ú | 9:30am | *Missa Pro Populo* | |
| Dé Domhnaigh | 23ú | 9:30am | Pete Mc Donnacha | *Cartúr Leathan* |

Aifreann an tSamhraidh i Reilig Réalt na Mara, na Forbacha, Déardaoin 20ú Lúnasa 2026 @ 7.30 i.n.

**Loinneog don Iontróid—** Sm 83:10-11
A Dhia, ár sciath chosanta, féach inár dtreo, agus bí cneasta le d'Ungthach. Is fearr aon lá amháin i do chúirteanna ná míle lá i gcéin uait.

**Gníomh Aithrí**
A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**tri mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.**
**A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia, tá maitheasaí dofheicthe ullamh agat dóibh sin a thugann grá duit. Líon ár gcroí le haonghrá duit; go raibh grá againn duit i ngach ní agus thar gach ní agus go mbainimid amach na nithe a gheall tú dúinn agus a sháraíonn mian an chroí. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar Íságia fáidh – 56:1, 6-7*
Seo mar a deir an Tiarna: Coinnígí an ceart, cleachtaígí an fhíréantacht, óir tá m'fhuascailt ar tí teacht agus m'fhíréantacht ar tí a foilsithe.

Agus clann na n-eachtrannach chomh maith, a chloígh leis an Tiarna chun fónamh dó, chun grá a thabhairt d'ainm an Tiarna agus chun bheith ina seirbhísigh aige, iad siúd uile a choinníonn an tsabóid gan truailliú agus a chloíonn go docht le mo chonradh, déanfaidh mé iad a chinnireacht go dtí mo shliabh beannaithe. Bhéarfaidh mé aoibhneas dóibh i mo theach urnaí. Glacfar ar m'altóir lena dtabhartais loiscthe agus lena n-íobairtí, óir gairfear de mo theachsa teach urnaí na gciníocha go léir.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 66
*Fr:* **Go mola na ciníocha thú, a Dhia;**
**go mola na ciníocha go léir thú**.

1. Bí trócaireach linn, a Dhia, agus beannaigh sinn;
taispeáin dúinn solas do ghnúise,
agus do shlánú i measc na náisiún uile. *(Fr)*
2. Go ndéana na náisiúin lúcháir agus gairdeas
toisc go rialaíonn tú an domhan go fíréanta.
Rialaíonn tú na ciníocha le cothromas;
treoraíonn tú na náisiúin ar talamh *(Fr)*
3. Go mola na ciníocha thú, a Dhia;
go mola na ciníocha go léir thú.
Go mbeannaí ár nDia i gcónaí sinn,
is gurb eagal le críocha na cruinne é. *(Fr)*

**An Dara Léacht** *Rómhánaigh – 11:13-15, 29-3*
*Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh*
Tá rud le rá agam libhse, a phágánacha: Sa mhéid gurb aspal na bpágánach mé, is ag méadú m'fheidhmeannais a bheidh mé má éiríonn liom mo chine féin a spreagadh chun iomaíochta libhse agus cuid áirithe acu a shlánú. Mar, má tugadh an domhan chun athmhuintearais le Dia trína gcaitheamh amach, cad a thiocfaidh dá nglacadh ar ais ach mar a bheadh aiséirí ó mhairbh ann? Ní cúis aiféala choíche do Dhia a thíolacthaí ná an rogha a bhíonn déanta aige.

Bhí sibhse tráth easumhal do Dhia, ach tá trócaire déanta anois oraibh nuair atá na Giúdaigh easumhal. Is é an dála céanna acu siúd é; tá siadsan éirithe easumhal anois nuair atá trócaire déanta oraibhse, ach déanfar trócaire orthu féin ar ball. Mar chuir Dia an uile dhuine i ngéibheann san easumhlaíocht d'fhonn trócaire a dhéanamh orthu uile.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
Is fírinne do bhriathar, a Thiarna.
Déan sinn a naomhú san fírinne.
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Matha 15:21-28*
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Chuaigh Íosa i leataobh go dtí ceantar Tuíre agus Síodón. Agus bhí bean Chanánach a tháinig amach as na críocha sin agus thosaigh sí ag glaoch os ard: 'Déan trócaire orm, a Thiarna, a mhic Dháiví,' ar sise, 'tá iníon agam agus í á crá go géar ag deamhan.' Ach ní dúirt Íosa focal ar bith á freagairt. Tháinig a dheisceabail chuige agus bhíodar ag impí air: 'Scaoil uait í,' ar siad, 'tá sí ag glaoch inár ndiaidh.' D'fhreagair agus dúirt: 'Níor cuireadh mé ach amháin go dtí caoirigh caillte theaghlach Isráél.' Ach tháinig an bhean agus d'fhan ar a dhá glúin ina láthair: 'A Thiarna,' ar sise, 'fóir orm.' D'fhreagair agus dúirt: 'Níl sé oiriúnach arán na leanaí a thógáil agus é a chaitheamh chun na gcoileán.' Dúirt sise: 'Cinnte, a Thiarna, agus itheann na coileáin féin na grabhróga a thiteann ó bhord a máistrí.' Ansin dúirt Íosa léi á freagairt: 'Ó, is mór é do chreideamh, a bhean! Bíodh agat mar is áil leat.' Agus bhí a hiníon leigheasta ón nóiméad sin.
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**
***Seanmóir & Guí an Phobail***

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**
Glac lenár n-íobairt, a Thiarna, agus cuir an mhalairt dhiaga i gcrích. Nuair a ofrálaimid na nithe seo a bhronn tú orainn, go bhfaighimid seilbh dáiríre ort féin. Ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

**Iarchomaoineach**
A Dhia na trócaire, déanann tú páirteach i gcorp Chríost sinn sa tsacraimint seo. Cuir cló Chríost níos daingine orainn ar talamh, impímid go humhal ort, i dtreo go mbeimid i bpáirt go dlúth leis ar neamh. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**

*Go raibh an Tiarna libh*. **Agus le do spiorad féin.**
*Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh*. **Amen.**
*Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha.*
**Buíochas le Dia.**